# Téama: Fuinneamh
## Suirbhé Fuireachais

*Oiriúnach do gach dalta*

Green-Schools
An Taisce

**Aidhm:** a fháil amach cé mhéad gléas a fhágtar ar siúl nó ar fuireachas nuair nach mbíonn siad in úsáid.

Is ionann cumhacht fuireachais agus an fuinneamh a úsáideann gléasanna áirithe nuair nach bhfuil siad ar siúl ach nuair atá siad plugáilte isteach sa soicéad. Is minic gur cur amú cumhachta é gléas leictreonach nó plocóid chuibhithe a fhágáil plugáilte isteach. Tugtar "vaimpírí fuinnimh" ar na gléasanna seo a chuireann fuinneamh amú mar bíonn siad ag diúl fuinnimh sa bhaile de réir a chéile!




Is bealach iontach é suirbhé fuireachais lena fháil amach cé mhéad de na gléasanna ar scoil a fhágtar ar siúl nó ar fuireachas nuair nach mbíonn siad in úsáid, agus iad ag cur le hídiú fuinnimh dá bharr. Tá sé seo mar chuid de Chéim 2 den Athbhreithniú Comhshaoil.

Beidh sibh in ann na torthaí ón Suirbhé Fuireachais a úsáid lena fháil amach conas is féidir libh fuinneamh a shábháil ar scoil trí ghléasanna a chasadh as nuair nach mbíonn siad in úsáid. Tá sé seo mar chuid de Chéim 3 den Athbhreithniú Comhshaoil.

Tá nasc idir seo agus an obair Churaclaim ag Céim 5 – an Mhatamaitic, an Ealaín agus an Teicneolaíocht Faisnéise (TF) a úsáid chun graif agus léaráidí a chruthú leis na torthaí ón suirbhé a léiriú.

Bainigí úsáid as an mbileog ghníomhaíochta atá ceangailte leis seo chun na gléasanna ar fad sa scoil a aithint. Ná déanaigí dearmad ar na seomraí nach n-úsáideann na daltaí de ghnáth, an seomra foirne mar shampla, ach bígí cinnte cead a fháil ar dtús.

Is minic a bhíonn lipéad fuinnimh ar ghléas nua, ach mura bhfuil lipéad ar fáil is féidir cuardach a dhéanamh ar líne chun tuilleadh eolais a fháil ar an ngléas. Is féidir céim bhreise a thabhairt agus tuilleadh eolais a fháil ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann maidir le gléasanna leictreacha a rátáil.
www.seai.ie/blog/label-help-shopping

# Téama: Fuinneamh
## Suirbhé Fuireachais

*Oiriúnach do gach dalta*

Green-Schools
An Taisce

Roinnt fíricí tábhachtacha faoin mód fuireachais:




Nuair a bhíonn siad sa mhód fuireachais, úsáideann gléasanna idir 10% agus 30% den fhuinneamh a theastaíonn uathu de ghnáth.

Nuair a bhíonn siad sa mhód fuireachais, úsáideann gléasanna áirithe (na consóil cluichí is nuaí, mar shampla) suas le 50% den fhuinneamh a theastaíonn uathu de ghnáth. Sin toisc go dteastaíonn níos mó cumhachta ó na grafaicí ardchaighdeáin, ón luas tapa agus ón nasc idirlín a úsáideann na cluichí is nuaí. Dá mhéad gníomhartha a dhéanann gléas sa chúlra is ea is mó cumhacht a theastaíonn uaidh agus é sa mhód fuireachais.

Ní mór an lasc ar an mballa a chur as nó an gléas a phlugáil amach fiú nuair nach bhfuil sé in úsáid chun cumhacht a shábháil. Mar shampla, úsáidfidh luchtaire gutháin atá plugáilte isteach ag an mballa, ach nach bhfuil ceangailte le guthán, suas le 10% den fhuinneamh a úsáideann sé de ghnáth. Má chuireann tú do lámh ar an luchtaire, tabharfaidh tú faoi deara go n-éiríonn sé te tar éis tamaill. Cuirtear a lán fuinnimh amú ar scoil mar gheall ar theilgeoirí, ríomhairí glúine, cláir idirghníomhacha agus fótachóipeálaithe.

D'fhéadfadh sibh feachtas "Cas as é!" a chur le bhur suirbhé fuireachais agus póstaeir a chur suas ina aice le lasca solais agus gléasanna leictreacha mar mheabhrúchán do dhaoine.



# Téama: Fuinneamh
## Foghlaimígí faoi ghléasanna
### Gníomhartha agus Iniúchadh

*Oiriúnach don iar-bhunscoil*

Green-Schools
An Taisce

### Monatóir Fuinnimh Plugála (Monatóir Fuinnimh a phlugálann tú isteach)



Tomhaisfidh an monatóir seo an méid fuinnimh a úsáideann gléasanna leictreacha na scoile. Cabhróidh sé libh na gléasanna a úsáideann an méid is mó fuinnimh a aithint ionas gur féidir libh úsáid níos ciallmhaire a bhaint astu. Dá bhrí sin, beidh sibh in ann níos lú fuinnimh a úsáid agus airgead a shábháil ar na billí leictreachais.

Beidh sé seo thar a bheith cabhrach sula gceannóidh sibh gléas nua don scoil, nuair is mian libh gléasanna atá ann cheana féin a sheiceáil, nó más mian libh a fháil amach cé mhéad fuinnimh a úsáideann gléasanna a bhíonn ar siúl ar feadh tréimhsí fada.

### Conas monatóir fuinnimh plugála a úsáid

Plugálann tú an monatóir isteach sa soicéad mar a dhéanfá le gléas ar bith a bhfuil trí phionna air. Ansin, plugálann tú an gléas, citeal mar shampla, isteach sa mhonatóir. Nuair a chasfaidh tú air an gléas feicfidh tú cé mhéad fuinnimh atá á úsáid aige ar an scáileán.

Tá Fearais Fuinnimh Baile ar fáil i leabharlanna áitiúla, Monatóir Fuinnimh Plugála san áireamh – féach anseo:
thinkenergy.ie/energy-saving-kit/find-a-kit/

Agus is féidir libh tuilleadh eolais a fháil anseo:
thinkenergy.ie/energy-saving-kit/whats-in-the-kit/plug-in-energy-monitor/




# Téama: Fuinneamh
## Suirbhé Fuireachais
## Vaimpírí Fuinnimh a Nochtadh

*Oiriúnach do gach dalta*

| Gléas | Cé mhéad atá ann? | An bhfágtar ar siúl nó ar fuireachas é? ✓/× | Rátáil Fuinnimh ar an Lipéad |
|---|---|---|---|
|  | Ródaire WiFi | | |
|  | Teilifíseáin | | |
|  | Cuisneoirí | | |
|  | Citil | | |
|  | Fótachóipeálaithe | | |
|  | Bolgáin Solais | | |
|   | Gléasanna eile ar fuireachas | | |
|  | Printéirí | | |
|  | Cloig (a úsáideann cadhnra nó cineálacha eile clog) | | |

# Téama: Fuinneamh
## Suirbhé Fuireachais
## Vaimpírí Fuinnimh a Nochtadh

*Oiriúnach do gach dalta*

| Gléas | Cé mhéad atá ann? | An bhfágtar ar siúl nó ar fuireachas é? ✓/× | Rátáil Fuinnimh ar an Lipéad |
|---|---|---|---|
|  | Cluasáin (AirPods, etc.) | | |
|  | Rianairí nó uaireadóirí cliste | | |
|  | Ríomhairí glúine | | |
|  | Uirlisí a phlugáiltear isteach | | |
|  | Gutháin | | |
|  | Radaitheoirí | | |
|  | Cláir idirghníomhacha | | |
|  | Teilgeoirí | | |
|  | Gléasanna cluichí | | |

# Téama: Fuinneamh

## Suirbhé Fuireachais

## Vaimpírí Fuinnimh a Nochtadh

*Oiriúnach do gach dalta*

Green-Schools

An Taisce

| Gléas | Cé mhéad atá ann? | An bhfágtar ar siúl nó ar fuireachas é? ✓/× | Rátáil Fuinnimh ar an Lipéad |
|---|---|---|---|
|  | Miasniteoirí | | |
|  | Micreathonnáin | | |
|  | Seinnteoirí DVDanna | | |
|  | Seinnteoirí Raidió | | |
| Is féidir libh cur leis an liosta anseo... | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |